



2025/1468

23.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1468 ÓN gCOIMISIÚN
an 22 Iúil 2025

maidir le hullmhóid arb é atá inti *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti *Bacillus subtilis* DSM 33862 and *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (3) Baineann an t-iarratas leis an ullmhóid *Bacillus subtilis* DSM 33862 and *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarrtar ann go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais'.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 15 Deireadh Fómhair 2024 ⁽²⁾ maidir leis an mbreiseán arb é atá ann *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856, go bhfuil sé sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach greannaitheoir craicinn é an breiseán, ach gur cheart a mheas go bhféadfadh sé a bheith ina íogróir craicinn agus riospráide, agus go meastar gur riosca é gach nochtadh tríd an gcráiceann nó tríd an gconair riospráide. Bheadh feidhm ag an gconclúid dheireanach sin maidir le haon ullmhóid ina bhfuil na hoibreáin ghníomhacha. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin go bhféadfaí feabhas a chur ar chobhsaíocht aeróbach sadhlais ó ábhar plandaí úr trí bhreiseán a chur leis ar íosleibhéal 1×10^8 CFU/kg d'ábhar plandaí úr, le raon ábhair thirim idir 32 % agus 65 %.
- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na hullmhóide sin a údarú. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ EFSA Journal, [Iris EFSA] 22(11), e9070. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9070>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					CFU/kg d'ábhar úr			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais								
1k1802	<i>Bacillus subtilis</i> DSM 33862 agus <i>Lentilactobacillus buchneri</i> DSM 12856	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Ullmhóid arb é atá inti <i>Bacillus subtilis</i> DSM 33862 agus <i>Lentilactobacillus buchneri</i> DSM 12856 ina bhfuil íoschion $3,6 \times 10^{11}$ CFU/g de bhreiseán ag a bhfuil cóimheas 1:4 ($7,2 \times 10^{10}$ CFU <i>Bacillus subtilis</i> DSM 33862/g agus $2,88 \times 10^{11}$ CFU <i>Lentilactobacillus buchneri</i> DSM 12856/g) Foirm sholadach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Cealla inmharthana <i>Bacillus subtilis</i> DSM 33862 agus <i>Lentilactobacillus buchneri</i> DSM 12856 <i>Modh anailíse</i> ⁽¹⁾ Saintréithriú <i>Bacillus subtilis</i> DSM 33862 agus <i>Lentilactobacillus buchneri</i> DSM 12856: — Modhanna seicheamhaithe ADN nó Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) (CEN/TS 17697) — <i>Bacillus subtilis</i> DSM 33862 sa bhreiseán beathaithe a áireamh: Modh an leata ar phláta ar agar soighe trioptóin (EN 15784)	Gach speiceas ainmhíoch	—	—	—	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú. 2. Íosdáileog an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i dteaghlaim le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 1×10^8 CFU/kg d'ábhar plandaí úr. 3. Ní úsáidfear an breiseán ach amháin le hábhar plandaí úr a bhfuil sé éasca agus measartha deacair a shadhlasú ⁽²⁾. 4. Ar lipéad an bhreiseáin agus na réamh-mheascán sonrófar an méid seo a leanas: ‘Moltar gan an breiseán 1k1802 a úsáid ach amháin le hábhar úr plandaí ag a bhfuil raon ábhair thirim 32-65 %.’	12.8.2035

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					CFU/kg d'ábhar úr			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais								
		— <i>Lentilactobacillus buchneri</i> DSM 12856 a áireamh sa bhreiseán beathaithe: Modh an leata ar phláta (nó modh an doirte ar phláta) ar agar MRS (EN 15787)					5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú.	

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

(²) Foráiste atá éasca a shadhlasú: > 3 % carbaihiodráití intuaslagtha san ábhar úr; foráiste atá measartha deacair a shadhlasú: 1,5-3,0 % carbaihiodráití intuaslagtha san ábhar úr i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2008 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le hiarratais a ullmhú agus leis an méid atá le cur i láthair sna hiarratais agus a mhéid a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar bhreiseáin bheathaithe agus na breiseáin sin a údarú (IO L 133, 22.5.2008, lch. 1, <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/429/oj>).